
Annual Conference 2026



# Hope MANIFESTO

#HISTORYANDHOPEMANIFESTO

EuroClio

HOUSE OF EUROPEAN HISTORY

An initiative of the European Parliament

# Faoin bhForógra

Mar chuid den 32ú Comhdháil Bhliantúil EuroClio 2026, *History and Hope: Learning for Change* [Stair agus Dóchas: Foghlaim don Athrú], chruthaigh Áras Stair na hEorpa agus EuroClio spásanna comhoibríocha ionas go bhféadfadh rannpháirtithe teacht le chéile chun machnamh a dhéanamh agus tuairimí a mhalartú faoi théama na bliana seo. Arna thionscnamh ag Áras Stair na hEorpa agus ag tarraingt ar an iliomad ionchur a bailíodh trí Bhalla an Dóchais, amlíne fhíseach arna tionscnamh ag EuroClio, chomh maith le ceardlanna rannpháirtíochta agus ábhar machnaimh i scríbhinn a bailíodh le linn na comhdhála, d'eascair **an Forógra Dóchais** deiridh as an bpróiseas comhchoiteann sin.

San Fhorógra cruinnítear le chéile ábhar machnaimh, taithí agus gealltanais a thug thart ar **250 múinteoir agus oideoir staire**, a chuir lena fhorbairt trí phróiseas rannpháirtíochta struchtúrtha le linn na comhdhála.

**Is léiriú comhchoiteann é Forógra an Dóchais ón bpobal oideachais staire** agus pointe comhroinnte tagartha don idirphlé níos leithne. Tá sé fréamhaithe sa chleachtas gairmiúil agus múnlaithe trí mhalartú smaointe, agus cé go bhfuil sé dírithe go príomha ar oideoirí agus ar dhaltaí ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin, tá sé á roinnt freisin le hinstitiúidí agus eagraíochtaí atá ag plé le ceisteanna an daonlathais, an oideachais agus an chomhtháthaithe shóisialta.

Cuireadh é le chéile mar théacs múinteoir-threoraithe comhchoiteann maidir le ról an oideachais staire in amanna na héiginnteachta. An cuspóir atá leis ná friotal a chur, sa chaoi is gonta agus is éasca le tuiscint agus is féidir, ar an tuiscint atá ag oideoirí ar mhúineadh na staire agus ar an méid a chuireann siad le smaointeoireacht chriticiúil, leis an saol daonlathach agus le hiolrachas dearcthaí, agus leagann sé béim ar an ról atá ag dóchas mar chlaonadh fiúntach oideolaíoch.

A bhuíochas le gníomhaíochtaí éagsúla bhíothas in ann raon leathan cleachtas, cúiseanna imní, uaillmhianta agus gealltanas a bhailiú ó phobal na comhdhála.

D'oibrigh coiste eagarthóireachta, ar a raibh deichniúr múinteoirí agus oideoirí deonacha, chun ionchur na rannpháirtithe a chruinniú le chéile agus chun cruth a chur air agus tá an téacs deiridh comhleanúnach seo mar thoradh ar a gcuid

oibre. An ról a bhí ag an gcoiste ná soiléireacht, comhleanúnachas eagarthóireachta agus dílseacht don phróiseas comhchoiteann a thabhairt slán agus is as sin a d’eascair an Forógra.

# An Coiste Eagarthóireachta




## Síniú bhaill an Choiste Eagarthóireachta

Emer Shanahan

Juraj Varga

Wouter Smets

Kamila Ropero

Mirela Sakej

Sérgio Neto

G.Rósa Eyvindardóttir

Jordi Van den Hoven

Lejla Čaušević

Sinead Fitzsimons

# Forógra an Dóchais

## Cé go múinimid i gcomhthéacsanna staire éagsúla tugaimid aghaidh ar dhúshláin chomhroinnte

Ar fud na hEorpa agus níos faide ar shiúl, tá ár seomraí ranga múnlaithe ag cuimhní cinn, coinbhleachtaí, tostanna agus comhthéacsanna polaitiúla éagsúla. Is féidir múineadh faoin am atá thart, maireachtáil san am i láthair agus machnamh a dhéanamh ar an am atá le teacht ar an iliomad bealaí éagsúla. Múineann gach múinteoir staire ó dhearcadh comhthéacsúil, agus bíonn an dearcadh sin múnlaithe ag a gcúlra. Tá tábhacht ag baint leis sin, óir ní mhúintear an stair riamh lasmuigh dá comhthéacs. Ach tá na dúshláin a mbíonn orainn aghaidh a thabhairt orthu níos mó agus níos mó ina ndúshláin chomhroinnte.

> *"An teannas a ghabhann leis an deacracht fanacht dóchasach i ndomhan ina bhfuil an oiread sin fulaingthe agus éagóra, ach ag tnúth le hathruithe a bhfuil géarghá leo ag an am céanna (agus a bheith mar chuid den athrú sin)."*

Lasmuigh den seomra ranga, is minic a bhíonn an díospóireacht phoiblí deighilte, is féidir le hindibhidiúlachas an bonn a bhaint den mhuintearas, agus ní féidir linn talamh slán a dhéanamh de luachanna daonlathacha a thuilleadh. Mar sin féin, léiríonn an stair gur tógadh cearta, saoirsí agus cineálacha dlúthpháirtíochta le caitheamh ama, agus gur féidir iad a chosaint, a athscrúdú, agus a athnuachan. Fásann daltaí aníos agus iad timpeallaithe ag líonraí sóisialta, mífhaisnéis agus an intleacht shaorga, áit nach bhfuil sé éasca an t-údarás a mheas, agus áit ar féidir leis an mbarraíocht inneachair mearbhall a chur orthu, iad a thraochadh agus amhras a mhúscailt iontu. Déanann an ciníochas sistéimeach, éagothroime, tráma idir na glúnta, teannais shóisialta neamhréitithe agus cogaí múnlú ar an gcaoi a ndearcann siad ar an stair, ar institiúidí ar a chéile.

Is féidir mí-úsáid agus drochúsáid a bhaint as an stair. Bímid á throid sin sa seomra ranga agus mar phobal múinteoirí agus oideoirí.

Sa seomra ranga, tagann na réaltachtaí sin chun cinn i gceisteanna, mothúcháin, amhras, frithbheartaíocht, tostanna nó neamhshuim na ndaltaí, ach tagann sé chun cinn freisin ina bhfiosracht, ina smaointe faoin gceartas, ina n-eolas digiteach agus san fhonn atá orthu an saol ina maireann siad a thuiscint. Tugann an daltaí leo a n-insintí pearsanta óna dteaghlaigh, óna bpobail, ó na meáin agus ó spásanna ar line,

chomh maith le ceisteanna oidhreachta agus féiniúlachta: cad a fuarthas le hoidhreacht, cad atá comhroinnte, cad atá conspóidte, agus cad a roghnaíonn gach glúin a thabhairt ar aghaidh nó a athrú. Is féidir leis na pointí sin a bheith deacair, ach is deiseanna iad freisin.

Ní féidir leis na mothúcháin sin a bheith lasmuigh den oideachas staire agus níor cheart dóibh a bheith. Tá siad ina mbunchuid den réaltacht ina múintear an stair.

# A bhfuil i gceist le dóchas i múineadh na staire sa lá atá inniu ann

**Tá bríonna éagsúla le dóchas** ag brath ar chomhthéacsanna, ar éispéiris agus ar theanga. D'oideoirí staire, ní féidir leis a bheith ina fhocal teibí. Dúinne, ní soirbhíochas saonta é an dóchas. Ní chiallaíonn sé a chreidiúint gur dócha go dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí.

**Lasmuigh den seomra ranga, is féidir leis an dóchas teacht chun cinn san acmhainn atá againn ár gcaipiteal sóisialta a chaomhnú, ár sochaithe a choinneáil seasmhach, deacrachtaí a shárú agus diúltú don éadóchas.** Tá sé bunaithe ar luachanna cosúil le dlúthpháirtíocht, cearta an duine, cothroime, cuimsitheacht agus freagracht. Tugann sé leis fuinneamh, inspreagadh, agus diongbháilteacht. Cuidíonn sé le daoine bealaí a aimsiú chun gníomhú, fiú má tá an t-athrú mall, éiginnte nó deacair.

**Laistigh den seomra ranga, déantar cleachtas den dóchas. Is uirlis don athrú é.**

Mar mhúinteoirí staire, **táimid stiúrtha ag an ngá atá le muinín**: muinín gur féidir leis na daltaí aghaidh a thabhairt ar chastachtaí agus gur féidir leo insintí a cheistiú. Gan an mhuinín, ní féidir linn tabhairt faoi startha deacra, easaontú, nó cuidiú leis na daltaí insintí íogaire a cheistiú. Ní chiallaíonn an mhuinín go mbeidh sé compordach ná go mbainfear amach comhaontú. Cruthaíonn sé na coinníollacha le go mbraithfidh na daltaí go bhfuil meas orthu, cothóidh sé a muinín ina gcumais – anois agus don am atá le teacht. Agus chun fanacht páirteach san idirphlé mar shaoránach domhanda chun rannchuidiú le sochaí oscailte agus iontaobhach lasmuigh den seomra ranga.

**Tá an seomra ranga staire ina áit ar leith inar féidir an dóchas a chleachtadh, toisc go dtugann múineadh na staire féidearthacht an dóchais**. Léiríonn sé nach raibh an domhan i gcónaí mar atá sé sa lá atá inniu ann. Léiríonn sé gur athraigh sochaithe, gur ghníomhaigh daoine, gur tugadh dúshlán na héagóra, gur éilíodh cearta, gur atógadh pobail agus gur athraigh insintí.

Sin an fáth nach rud é an dóchas a chuirtear le múineadh na staire ón taobh amuigh. Tá sé ann cheana féin – tá sé ann in obair na múinteóirí staire: sa chaoi a gcuidímid leis an daltaí gluaiseacht ó ról mar foghlaimeoirí éighníomhacha go ról mar shaoránaigh ghníomhacha, ag neartú a scileanna smaointeoireachta criticiúla, agus á spreagadh chun an machnamh a thiontú ina ghníomh.

*"Domsa is gníomh radacach é an dóchas [...] tá sé ina chinneadh agus ina thiomantas an dá rud seo a dhéanamh ag an am céanna: greim a choinneáil air agus é a roinnt le daoine eile."*

**Ba cheart go dtuigfeadh na daltaí leis an dóchas gur uirlis é chun iad a spreagadh chun gnímh.**

Cuidíonn sé leo gaol a fheiceáil idir an t-am atá thart agus an t-am i láthair, a cheistiú cad is féidir a chur ina cheart, machnamh a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar conas a d'fhéadfadh rudaí a bheith éagsúil. Ní hamháin go bhfaigheann daltaí eolas. Tugann siad

ceisteanna, taithí, mothúcháin, inniúlachtaí amhail saineolas digiteach agus bealaí chun an breathnú ar an domhan. Fásann an dóchas nuair a ghlactar go dáiríre leis an méid atá le rá acu agus nuair a bhíonn siadsan mar chuid den phróiseas foghlama.

Dá bhrí sin, do mhúinteoirí staire, is freagracht agus cleachtas araon é an dóchas: modh múinteoireachta a thacaíonn leis an tuiscint, leis an acmhainn saorghníomhaíochta, leis an bpobal, leis an rannpháirtíocht dhaonlathach agus leis an deis athrú a dhéanamh

# An a múnlaítear an dóchas i múineadh na staire

**Múnlaítear an dóchas i ngnáthobair mhúineadh na staire**: sna topaicí a mholaimid, sna hábhair a roghnaímid, sna ceisteanna a chuirimid, sna scéalta a roinnimid, sna tostanna a ndéanaimid iniúchadh orthu, agus sna spásanna a chruthaímid i gcomhair na ndaltaí áit ar féidir leo machnamh, labhairt agus páirt a ghlacadh.

**Tá foinsí, fíricí agus fianaise lárnach san obair sin**. Grianghraif, réada, teistiméireachtaí ó bhéal, léarscáileanna, cartlanna, ainmneacha sráide, taispeántais mhúsaeim, rianta áitiúla staire, agus doiciméid dhigiteacha a chuidíonn leis na daltaí a gcuid ama a thógáil agus breathnú níos cúramaí. Múineann sé dóibh cé atá ag labhairt, cén tuairim atá ag an duine sin, cad atá in easnamh, agus cad is féidir a cheistiú. Tá na scileanna sin luachmhar i bhfad níos leithne ná an seomra ranga staire.

Roinnt de na scéala sin, tháinig siad ó ghlúin go glúin. Nascann siad na daltaí le leanaí, daoine fásta agus daoine scothaosta ón am atá thart agus ón am i láthair. Cuireann siad i gcuimhne dúinn nach mbaineann an stair leis na nithe a fuarthas le hoidhreacht amháin, ach le gach glúin a bheartaíonn nithe a thabhairt ar aghaidh nó a athrú.

**Tá an t-ildearcachas lárnach san obair sin**. Trí úsáid a bhaint as lionsaí éagsúla, insintí a chur i gcomparáid le chéile, agus dearcthaí ceannasacha, náisiúnta, coilíneacha nó Eoralárnacha a cheistiú, cuidímid leis na daltaí a thuiscint nach scéal amháin aonair í an stair. Lorgaímid guthanna a fágadh ar lár sna leabhair staire agus ceistímid cad iad na nithe a cuireadh faoi cheilt, nár tugadh aird orthu nó a ndearnadh dofheicthe iad. Ní fhágann sé sin go bhfuil an stair níos simplí; fágann sé go bhfuil sí níos ionraice.

**Éilíonn an dóchas spás don easaontas freisin.** Ní éilíonn sé comhaontú a bhaint amach, ach éilíonn sé dóthain muiníne ionas gur féidir tabhairt faoi chomhráite deacra. Sa phlé, sa díospóireacht agus sa choinbhleacht shláintiúil, is féidir leis na daltaí éisteacht go cuiditheach, argóint, a bheith ina amhras, fianaise a chur i gcomparáid agus féachaint ar léirmhínithe éagsúla ar bhealach nach gcothaíonn an naimhdeas.

*'Gan easaontas, níl aon léargas ann. Ní hionann dóchas, dá bhrí sin, agus teannas a sheachaint, ach muinín a bheith ann go bhféadfadh muintearas [...] a bheith mar thoradh ar easaontas chun todhchaí níos córa a shamhlú i dteannta a chéile.'*

**Tiontaíonn an rannpháirtíocht an fhoghlaim ina hacmhainn saorghníomhaíochta**. Nuair a chuireann na daltaí ceisteanna, nuair a dhéanann siad taighde, díospóireacht, nuair a chomhchruthaíonn siad, nuair a ghlacann siad ballraíocht le comhairle daltaí, nuair a thógann siad tionscadal, nuair a labhraíonn siad le daoine eile nó nuair a nascann siad a seomra ranga leis an bpobal, tá siad ag gluaiseacht i dtreo na rannpháirtíochta. Tosaíonn siad ag breathnú orthu féin ní hamháin mar fhoghlaimeoirí na staire, ach mar dhaoine ar féidir leo páirt a ghlacadh inti agus feidhmiú ina leith.

**Tá mothúcháin ina gcuid dhosheachanta den obair sin freisin**. Is féidir leis

an stair eagla, brón, frithbheartaíocht, comhbhá, míchompord agus cúram a mhúscailt. Is féidir leis na mothúcháin sin bac a chur leis an bhfoghlaim mura dtugtar aitheantas dóibh; bíodh sin mar atá, tá na mothúcháin sin riachtanach chuige. Ní chuirimid mothúchán in ionad na fianaise. Is cuid dhoshéanta den smaointeoireacht chriticiúil iad mothúcháin. Cuidímid leis na daltaí a thuiscint cad atá á mhothú acu, aghaidh a thabhairt air, agus gluaiseacht ón bhfrithghníomh chuig an machnamh.

**Réitíonn an tsamhlaíocht an bealach don dóchas.** Trí mheán an ról-imeartha, trí shamhaltú, trí mhachnamh ealaínbhunaithe, trí cheisteanna atá dírithe ar an todhchaí agus trí fhoghlaim cluiche-bhunaithe, is féidir le daltaí dul i ngleic le castacht seachas díreach scéalta faoin gcastacht a chloisteáil. Is féidir leo féachaint ar fhadhbanna ó dhearcadh eile, aghaidh a thabhairt ar sháinneacha, cinntí a thástáil, agus a thuiscint nach bhfuil an t-am i láthair greanta i gcloch. Is féidir leis an gcruthaitheacht bealach eile a thairiscint chun measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim. Is féidir leis na cleachtais sin mothúchán a nascadh le heolas agus léiriú dóibh conas a fhaigheann siad tuiscint, conas a mhothaíonn siad agus ciall a dhéanamh den stair.

**Mar mhúinteoirí tá an fhreagracht orainn leanúint orainn ag foghlaim, fanacht meabhrach agus fanacht fiosrach**. Cuimsíonn sé sinn ár n-oideolaíocht, ár mothúcháin, ár gclaontaí agus ár stéiréitíopaí a cheistiú. Ní féidir linn iarraidh ar ár ndaltaí dul i ngleic leis an míchompord, leis an gcastacht agus le startha deacra mura bhfuilimid tar éis tús a chuir leis an obair sin muid féin.

**Is féidir leis an dóchas fás lasmuigh den seomra ranga freisin**: i músaeim, cartlanna, leaca cuimhneacháin, séadchomharthaí, spásanna poiblí, an dúlra, oidhreacht áitiúil, taispeántais, obair allamuigh agus cuairteanna. Déanann teagmhálacha le háiteanna, déantáin agus daoine an stair inláimhsithe. Cuidíonn siad le daltaí imeachtaí, rudaí, cuimhní agus réaltachtaí reatha a nascadh le chéile agus a cheistiú.

# Dóchas a chothú

*'Ní mothúchán nádúrtha é an dóchas, ach seasamh gairmiúil lena n-aithnítear castacht an ama a chuaigh thart agus lena n-aithnítear an fhéidearthacht don athrú atá ina gné dhílis den phróiseas oideachais'*

Ní féidir linn go léir é sin a bhaint amach ar an mbealach céanna. Tá comhthéacsanna curaclaim, acmhainní agus saoirsí éagsula againn go léir. Tá roinnt cleachtas mar chuid dár seomraí ranga cheana féin. Roinnt ina n-uaillmhianta. Roinnt eile a thógfaidh am, tacaíocht, misneach agus pobal chun iad a bhaint amach.

An teacht le chéile seo mar phobal cleachtais ar théama na staire – ní comhdháil amháin atá i gceist. Is gníomh comhoibritheach smaointeoireachta é, gluaiseacht chun tarraingt ar ár réaltachtaí comhchoiteanna, foghlaim ar fud na ndifríochtaí, agus tógáil ar an bhfeasacht chomhchoiteann maidir le conas is féidir le múineadh na staire difríocht a dhéanamh sa lá atá inniu ann.

Taobh thair de dhoirse an tseomra ranga, tá sé éasca dearmad a dhéanamh ar an ngluaiseacht níos leithne a bhfuilimid páirteach inti. Cuireann an cineál seo teacht le chéile spás macánta ar fáil inar féidir le hoideoirí ar fud na hEorpa agus níos faide ar shiúl (ath)nascadh le chéile, cleachtais a chomhroinnt, agus a thabhairt chun cuimhne díreach cén fáth a ndéanaimid a bhfuil ar siúl againn.

**Dóchas agus claonach comhchoiteann atá san fhorógra dóchais seo mar chleachtadh i múineadh na staire: gealltanas comhchoiteann chun an seomra ranga a bheith ina áit ina gcothaítear an dóchas agus ina bpléitear é.**

# Wall of HOPE

Is amlíne fhíseach é Balla an Dóchais inar féidir le rannpháirtithe cuimhne cinn ón am atá thart a chur in iúl, nó dóchas don todhchaí a roinnt óna ndearcadh pearsanta staire go dearcadh domhanda. Is léiriú é gach iontráil ar nóiméad, teagmhas, réaltacht nó mothúchán a bhaineann le dóchas. Sa taispeántas cruthaitheach idirghníomhach seo tá breis agus 120 aighneacht ó rannpháirtithe an 32ú Comhdháil Bhliantúil EuroClio: Stair agus Dóchas.

Cuidíonn an Balla linn a fheiceáil conas mar a sheasann an dóchas an fód ag amanna éagsúla, ag athrú de réir mar is gá chun freastal ar a n-éilíonn an ré. Taispeánann sé gach ré sa stair atá ag lorg a réitigh, a gluaiseacht agus a crógacht. Níl teorainneacha ag an dóchas. Glactar go fonnmhar le heispéireas áitiúil, léirsiú sa tsráid, achtú dlí, ag lorg a nguthanna agus tacaíocht dhomhanda. Tiomáineann an dóchas scéalta pearsanta, agus spreagann sé racht comhchoiteann.

*"Tugadh an ceart vótála do mhná san Fhionlainn."*
*—1906, European/Global*

Is bealach é an dóchas chun muinín, dlúthpháirtíocht agus pobal a atógáil. Gluaiseann sé trí mhúscailt dhaonlathach, trí chliseadh réimeas agus trí chrógacht agus trí ghníomhaíocht chomhchoiteann. Tá an dóchas docht daingean san oideachas, san aos óg, i ngach glúin a fhoghlaimíonn, a cheistíonn agus a théann sa seans chun iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar an am atá le teacht.

*"Tugadh an oidhreacht ghoidte go léir ar ais do na pobail ónar tháinig siad."*
*—2023, European/Global*

Is fianaise í an rannpháirtíocht idirghníomhach go bhfuil an stair i bhfad níos mó ná sraith dátaí - tá sí ina sraith roghanna. Roghnaímid cuimhneach ar an slabhra daonna, ar chearta, ar dhul chun cinn agus ar an seomra ranga. Tá Balla an Dócha ina shiombail den todhchaí faoi bhláth, cothaithe ag éispéiris san am atá thart, le samhlaíocht bhríomhar agus fonn an díomá a thiontú ina fhás.




Tabhair cuairt ar Bhalla an Dóchais ar líne:
historywallofhope.eu

# Hope MANIFESTO




**Tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin**

**#HISTORYANDHOPEMANIFESTO**

EuroClio HOUSE OF EUROPEAN HISTORY An initiative of the European Parliament